Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2026 (OR. en)**

**8294/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0089 (NLE)**

**TRANS 229**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 163 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 18ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir leis an athbhreithniú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, leis an athbhreithniú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais (UTP WAG) agus an fochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' (UTP LOC&PAS), le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh, leis an athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais (UTP TAF), agus leis an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 163 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 163 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.4.2026
COM(2026) 163 final

2026/0089 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 18ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir leis an athbhreithniú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, leis an athbhreithniú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais (UTP WAG) agus an fochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' (UTP LOC&PAS), le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh, leis an athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais (UTP TAF), agus leis an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is eagraíocht idir-rialtasach atá tiomnaithe d'iompar ar iarnród idirnáisiúnta í an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF). Forbraíonn sé córais dlí aonfhoirmeacha le haghaidh iompar ar iarnród idirnáisiúnta i dtrí phríomhréimse gníomhaíochta: idir-inoibritheacht agus sábháilteacht, earraí contúirteacha agus dlí na gconarthaí iarnróid.

Tugann Coiste Saineolaithe Teicniúla OTIF go háirithe aghaidh ar ghnéithe a bhaineann leis an idir-oibritheacht agus an tsábháilteacht.

Beidh an 18ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla OTIF ar siúl i mBeirn an 9 Meitheamh 2026. Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa seisiún sin, i ndáil leis na tograí seo a leanas a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh.

– Modhnú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla;

– Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais'(UTP WAG);

– Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí'(UTP LOC&PAS);

– Glacadh Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe;

– Modhnú ar Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais' (UTP TAF) (tagairtí do na doiciméid theicniúla);

– Modhnuithe ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF.

Tá clár oibre an chruinnithe agus na doiciméid a bhaineann leis na tograí lena nglacadh le fáil ar shuíomh gréasáin OTIF https://otif.org/en/?page_id=1025.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF)

An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú ag Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), is comhaontú idirnáisiúnta é inar Páirtithe Conarthacha iad an tAontas Eorpach agus 25 Bhallstát[1].

An 16 Meitheamh 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus OTIF maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999 ('Comhaontú Aontachais AE-COTIF')[2].

[1] Is iad an Chipir agus Málta amháin nach Páirtithe Conarthacha ann iad.
[2] Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta

Tháinig Comhaontú Aontachas AE-COTIF i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

De réir Airteagal 2(1) de COTIF, is é is aidhm do OTIF an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú, ar gach bealach, go háirithe trí chórais dlí aonfhoirmigh a bhunú i réimsí éagsúla an dlí a bhaineann leis an trácht idirnáisiúnta d'iarnród. Chomh maith leis sin, rialaítear le COTIF feidhmiú na hEagraíochta, a cuspóirí, saintréithe agus caidreamh na hEagraíochta leis na Stáit Chonarthacha, mar aon lena gníomhaíochtaí go ginearálta.

Déileáiltear in COTIF leis an reachtaíocht iarnróid i ndáil le roinnt ábhair dhlíthiúla agus theicniúla éagsúla iarnróid a roinntear ina dhá gcuid: an Coinbhinsiún féin, lena rialaítear feidhmiú OTIF, agus ocht bhFoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún lena mbunaítear an dlí iarnróid aonfhoirmeach:

– Foscríbhinn A – An Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród **(CIV)**

– Foscríbhinn B – An Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród (**CIM)**

– Foscríbhinn C – Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (**RID**)

– Foscríbhinn D – An Conradh le haghaidh úsáid feithiclí i dtrácht idirnáisiúnta iarnróid (**CUV)**

– Foscríbhinn E – An Conradh le haghaidh úsáid bonneagar sa trácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUI)**

– Foscríbhinn F – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus Glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme d'Ábhar Iarnróid atá beartaithe a úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta **(RA APTU)**

– Foscríbhinn G – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta **(RA ATMF)**

– Foscríbhinn H – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le hoibriú sábháilte traenacha sa trácht idirnáisiúnta **(RA EST)**

Tá 18 saintreoir theicniúla aonfhoirmeacha (UTPanna) le haghaidh idir-inoibritheacht theicniúil ann a forbraíodh faoi RA APTU agus RA ATMF. Is caighdeáin teicniúla is infheidhme maidir le cead isteach teicniúil d'ábhair iarnróid a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta iad na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha. Is ionann cuspóir dóibh agus do shonraíochtaí teicniúla an Aontais Eorpaigh le haghaidh na hidir-inoibritheachta (STIanna) maidir le cead isteach sa trácht idirnáisiúnta, mar a shainítear i gCaibidil II de Threoir (AE) 2016/797[3].

43 Stát as na 50 Stát atá ina bPáirtithe in COTIF, lena n-áirítear 25 Bhallstát den Aontas Eorpach a luadh cheana, cuireann siad RA APTU agus RA ATMF i bhfeidhm.

Tá ceithre Iarscríbhinn ann a forbraíodh faoi RA EST. Baineann na hIarscríbhinní sin le modhanna comhchoiteanna sábháilteachta is infheidhme maidir le trácht iarnróid

d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103(1)/oj).

3 Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj).

idirnáisiúnta. Is ionann cuspóir dóibh agus do mhodhanna comhchoiteanna sábháilteachta an Aontais maidir le cead isteach sa trácht idirnáisiúnta, mar a shainítear i gCaibidil II de Threoir (AE) 2016/798[4]. Tá teacht i bhfeidhm RA EST fós ag feitheamh le formheas ó dhá thrian de na stáit is páirtí in OTIF.

## 2.2. Coiste Saineolaithe Teicniúla OTIF

Bunaítear an Coiste Saineolaithe Teicniúla le hAirteagal 13(1)(f) de COTIF. Tá sé comhdhéanta de na Ballstáit OTIF a chuireann APTU agus ATMF i bhfeidhm.

Tá inniúlacht ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla maidir le hábhair idir-inoibritheacht agus sábháilteacht an tráchta iarnróid idirnáisiúnta. Forbraíonn an Coiste APTU, ATMF, EST agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo, chomh maith leis an treoraíocht chomhfhreagrach, a bhfuil feidhm aici maidir le cead isteach d'ábhar iarnróid agus do bhonneagar atá ceaptha lena n-úsáid sa trácht idirnáisiúnta agus le hoibriú ábhair iarnróid agus bonneagair atá ceaptha lena n-úsáid sa trácht idirnáisiúnta. Baineann sin go sonrach leis na nithe seo a leanas:

– glacadh saintreoracha teicniúla agus caighdeán teicniúil;

– nósanna imeachta maidir le measúnú ar chomhréireacht ábhair iarnróid agus comhréireacht bhonneagair leis na saintreoracha agus na caighdeáin sin;

– forálacha a bhaineann le cothabháil ábhair iarnróid agus bonneagair;

– freagrachtaí maidir leis an oibriú sábháilte agus forálacha a bhaineann le meastóireacht agus measúnú riosca;

– sonraíochtaí le haghaidh clár is gá chun na forálacha thuasluaite a chur i bhfeidhm.

Tá buanmheitheal (WG TECH) ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla faoi láthair agus is í atá freagrach as cinntí an Choiste a ullmhú.

I gcomhréir le hAirteagal 16(10) de COTIF, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil ar a rialacha nós imeachta a bhunú.

De bhun Airteagal 20(1)(b) de COTIF agus i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de APTU, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil ar a shaintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha féin a ghlacadh nó a leasú. I gcomhréir le Airteagal 20(1)(e) de COTIF agus Airteagal 21(1) de ATMF, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil freisin ar a shaintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha féin a ghlacadh nó a leasú. Déantar na leasuithe sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 16 agus 20 agus Airteagal 33(6) de COTIF, agus tagann siad i bhfeidhm i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 35.

Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 20(1)(e) de COTIF agus de bhun Airteagal 21(4) de ATMF, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil freisin ar mhodhanna agus cleachtais a mholadh a bhaineann le cead isteach teicniúil d'ábhar iarnróid a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta.

[4] Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Sábháilteacht Iarnróid (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/798/oj).

2.3. **Na gníomhartha atá beartaithe atá le glacadh ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla.**

An 9 Meitheamh 2026, le linn a 18ú seisiún, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla leis an méid seo a leanas a ghlacadh:

– modhnú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla;

– athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais'(UTP WAG);

– athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí'(UTP LOC&PAS);

– Iarscríbhinn C a ghabhann le ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe;

– modhnú ar Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais' (UTP TAF) (tagairtí do na doiciméid theicniúla);

– modhnú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF.

2.3.1. *Modhnú ar rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla;*

Ag an 8ú seisiún a bhí aige, a reáchtáladh ar an 4 Nollaig 2025, d'fhormheas Coiste *ad hoc* OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta forálacha molta arb é is aidhm dóibh rialacha nós imeachta ar fud orgáin uile OTIF a chomhchuibhiú maidir le cearta comhaltaí, comhaltaí comhlacha agus breathnóirí.

Is é is aidhm don togra seo rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla a mhodhnú chun cleachtais orgáin uile OTIF a ailíniú, bunaithe ar mholtaí an Choiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta, chun comhsheasmhacht a áirithiú. Thairis sin, tá roinnt ailínithe breise le cleachtais orgán eile sa togra.

2.3.2. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais' (UTP WAG)*

Le UTP WAG leagtar síos na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla maidir le cead isteach do vaigíní lastais sa trácht idirnáisiúnta laistigh de chríocha Stáit Chonarthacha uile COTIF, i gcomhréir le ATMF. Cumhdaítear leis ceanglais maidir le dearadh teicniúil agus táirgeadh agus nósanna imeachta fíorúcháin.

Is é is aidhm don togra seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar UTP WAG é a choimeád ailínithe le forbairtí dlíthiúla san Aontas Eorpach agus go háirithe leo siúd a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2064 ón gCoimisiún[5]. Sa chomhthéacs sin, sonraítear sa togra ceanglais maidir le vaigíní lastais a bhaineann le coscairí spréach le haghaidh sábháilteacht dóiteáin, earraí contúirteacha a iompar d'iarnród, agus gairis chun leathleantóirí a dhaingniú do vaigíní agus marcálacha gaolmhara.

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2064 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rothstoc — vaigíní lastais an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (STI VAI) (IO L, 2025/2064, 15.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2064/oj).

2.3.3. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí'(UTP LOC&PAS)*

Le UTP LOC&PAS leagtar síos na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla maidir le cead isteach d'innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéara sa trácht idirnáisiúnta laistigh de chríocha Stáit Chonarthacha uile COTIF, i gcomhréir le ATMF. Cumhdaítear leis ceanglais maidir le dearadh teicniúil agus táirgeadh agus nósanna imeachta fíorúcháin.

Is é is aidhm don togra seo athbhreithniú a dhéanamh ar UTP LOC&PAS chun é a choimeád ailínithe le forbairtí dlíthiúla san Aontas Eorpach agus go háirithe leo siúd a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/675 ón gCoimisiún[6]. Sa chomhthéacs sin, sonraítear sa togra ceanglais atá le comhlíonadh le haghaidh saorchúrsaíocht feithiclí iompair neamhphaisinéirí atá beartaithe pearsanra a iompar sa trácht idirnáisiúnta.

2.3.4. *Glacadh Iarscríbhinn C a ghabhann le RA ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe*

Is é is aidhm don togra seo struchtúr agus ábhar na ndeimhnithe teicniúla a shainiú de réir bhrí Airteagal 11 de RA ATMF, agus na nósanna imeachta chun iad a eisiúint, a thabhairt cothrom le dáta, a tharraingt siar agus a chur ar fionraí, agus na nósanna imeachta a bhaineann le rochtain orthu a shainiú freisin. Tá sé d'aidhm ag an togra comhsheasmhacht agus comhoiriúnacht faisnéise ar fud Stáit Chonarthacha COTIF a áirithiú, agus comhoiriúnacht na faisnéise le cláir feithiclí agus cineáil feithicle arna mbunú faoi rialacha OTIF nó an Aontais a áirithiú freisin, is é sin iad siúd a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún[7] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún[8], arna leasú go deireanach.

Chun comhchuibhiú a chur chun cinn agus digiteáil iarnróid a éascú, meastar go mbeidh an fhaisnéis sna deimhnithe sin comhfhreagrach don fhaisnéis is gá a bheith i gcláir feithicle agus cláir cineáil feithicle de réir rialacha OTIF agus an Aontais, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá chun seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh a dhéanamh.

---

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/675 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún maidir le sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rothstoc — innill ghluaiste agus rothstoc paisinéirí chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún maidir le clár na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (IO L, 2025/675, 7.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/675/oj).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2011 maidir le clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (IO L 264, 8.10.2011, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2011/665/oj).

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh na gclár feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 268, 26.10.2018, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1614/oj).

2.3.5. *Modhnú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach maidir le Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais (UTP TAF)*

Le UTP TAF leagtar síos ceanglais maidir leis an bpróiseas cumarsáide idir gnóthais iarnróid agus bainisteoirí bonneagair, bunachair sonraí atá ceaptha chun gluaiseachtaí traenacha agus vaigíní agus faisnéis atá le seachadadh chuig custaiméirí lastais a rianú.

Is é is aidhm don togra seo na tagairtí a ailíniú le doiciméid theicniúla ERA a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF.

Go háirithe, is gá modhnuithe a dhéanamh ar na doiciméid theicniúla dá dtagraítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF chun earráidí a cheartú, aiseolas a chur san áireamh, coimeád suas le dul chun cinn teicniúil agus coibhéis a choinneáil ar bun leis na sonraíochtaí a shainítear i ndoiciméad teicniúil ERA dar teideal ERA-TD-105: STI TAF— Iarscríbhinn D.2: Foscríbhinn F — Sonraí agus Samhail Teachtaireachta STI TAF.

2.3.6. *Tabhairt cothrom le dáta an lámhleabhair maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF.*

Leagtar amach sa lámhleabhar na ceanglais maidir le APTU agus ATMF a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm maidir le hiompar idirnáisiúnta d'iarnród, agus tugtar tuairisc ann ar na róil agus na freagrachtaí éagsúla i ndáil le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh sé mar thagairt phraiticiúil do chomhaltaí OTIF agus do stáit ar spéis leo aontú do COTIF, go háirithe le haghaidh na n-údarás, na n-eintiteas agus na ngníomhaithe ina n-earnálacha iarnróid féin.

Níl an lámhleabhar ceangailteach ó thaobh dlí de faoi COTIF ach mar sin féin is moladh maidir le cur chun feidhme é a bhféadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith aige. Cumhachtaítear don Choiste Saineolaithe Teicniúla an lámhleabhar agus a mhodhnuithe a ghlacadh mar mholtaí i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de ATMF. Bheadh an lámhleabhar (agus, dá bhrí sin, an leasú atá beartaithe air) mar bhonn eolais don bhealach nach mór don Aontas a oibleagáidí faoi COTIF a chur chun feidhme.

Is gá an lámhleabhar a thabhairt cothrom le dáta maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF chun an t-aiseolas ó thaithí Stáit Chonarthacha COTIF a chur san áireamh.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. **Inniúlacht an Aontais agus cearta vótála**

De bhun Airteagal 6 de Chomhaontú Aontachais AE-COTIF:

"*1. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, déanfaidh an tAontas cearta vótála a Bhallstát faoin gCoinbhinsiún a fheidhmiú.*

*2. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina roinneann an tAontas a inniúlacht lena Bhallstáit, vótálfaidh an tAontas nó a Bhallstáit.*

*3. Faoi réir Airteagal 26, mír 7 den Choinbhinsiún, beidh líon na vótaí mar an gcéanna le líon na vótaí atá ag a Bhallstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún freisin. Nuair a vótálfaidh an tAontas, ní vótálfaidh a Bhallstáit*'.

De bhun Airteagal 3(2) CFAE, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i ndáil le gealltanais idirnáisiúnta atá le tabhairt i gcomhthéacs COTIF, lena n-áirítear ionstraimí dlí a ghlactar dá

bhun, i gcás ina bhfuil an baol ann go ndéanfadh gealltanais den sórt sin difear do rialacha an Aontais atá ann cheana nó go n-athrófaí a raon feidhme.

Is é is cuspóir do na cinntí atá beartaithe an méid seo a leanas:

– Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla a mhodhnú chun iad a ailíniú le rialacha nós imeachta orgáin eile OTIF;

– UTP WAG a athbhreithniú chun é a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2064 ón gCoimisiún;

– UTP LOC&PAS a athbhreithniú chun é a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/675 ón gCoimisiún;

– Iarscríbhinn C nua a ghabhann le RA ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh, agus a comhoiriúnacht le cláir feithiclí agus cineáil feithicle arna mbunú faoi rialacha OTIF nó an Aontais a áirithiú, is é sin iad siúd a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún.

– An tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach a bhaineann le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais (UTP TAF) a mhodhnú, chun na tagairtí do Dhoiciméid Teicniúla ERA a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF a ailíniú leis na nuashonruithe is déanaí a d'fhoilsigh ERA;

– An lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta, chun é a ailíniú leis an aiseolas ó thaithí Stáit Chonarthacha COTIF, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais.

Tagann na cinntí uile sin faoi réim réimse idir-inoibritheacht agus sábháilteacht an tráchta iarnróid idirnáisiúnta. Cumhdaítear an réimse sin den chuid is mó le rialacha de chuid an Aontais a bhfuil an baol ann, dá bhrí sin, go ndéanfaí difear dóibh nó go n-athrófaí iad le glacadh na gcinntí sin.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas na cearta vótála a fheidhmiú i ndáil le glacadh na gcinntí sin agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh ionadaíocht thar a cheann.

## 3.2. **Na conclúidí atá beartaithe**

A mhéid a bhaineann leis na cinntí a shonraítear i míreanna 2.3.1 go 2.3.6 thuas, ba cheart don Aontas vótáil mar a mholtar thíos.

### 3.2.1. *Modhnú ar rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar modhnú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla faoi mar a mhol Rúnaíocht OTIF i ndoiciméad TECH-26018-CTE18-4. Mar sin féin, ba cheart an modhnú seo a leanas a mholadh.

(a) In Airteagal 9(3), ba cheart '*12 sheachtain*' a chur in ionad '*8 seachtaine*'. Tá an togra seo ceaptha chun na nósanna imeachta inmheánacha is gá a éascú chun go mbeifear in ann seasaimh ábhartha an Aontais a ullmhú agus a ghlacadh go tráthúil.

3.2.2. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais' (UTP WAG)*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar an athbhreithnithe ar UTP WAG faoi mar a mhol Rúnaíocht OTIF in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le doiciméad TECH-26003-CTE18-5.1, faoi réir na leasuithe a liostaítear thíos. I gcás nach dtugtar isteach na leasuithe sin, ba cheart don Aontas Eorpach vótáil in aghaidh an athbhreithnithe atá beartaithe ar UTP WAG.

(a) Ba cheart an dá mhír thosaigh i bpointe 4.2.6.1.2.1, a shonraítear a thuilleadh anois i bpointe 4.2.6.1.2.1.1, a scriosadh.

(b) I bpointe 5.3.6, ba cheart é seo a leanas a chur in ionad na chéad mhíre:

*'Déanfar gairis chun leathleantóirí a dhaingniú a dhearadh agus déanfar measúnú orthu le haghaidh gach ceann de na coinníollacha úsáide seo a leanas:*

– *leathleantóirí comhoiriúnacha dá bhfuil an gaireas ceaptha;*

– *comhéadan aonaid comhoiriúnach ar féidir an gaireas a fheistiú go sábháilte air'.*

3.2.3. *Athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí'(UTP LOC&PAS)*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar an athbhreithnithe ar UTP LOC&PAS faoi mar a mhol Rúnaíocht OTIF in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le doiciméad TECH-26004-CTE18-5.2, faoi réir an leasaithe a liostaítear thíos. I gcás nach dtugtar isteach an leasú sin, ba cheart don Aontas Eorpach vótáil in aghaidh an athbhreithnithe atá beartaithe ar UTP LOC&PAS.

(a) i bpointe 7.1.1.6.1, ba cheart '*Feisteofar an t-aonad le gairis fhéintarrthála do gach duine ar bord, gairis a chomhlíonann sonraíochtaí EN 13794:2002 agus ceachtar de EN 402:2003 nó EN 403:2004*' a chur in ionad phointe (12).

3.2.4. *Glacadh Iarscríbhinn C a ghabhann le RA ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe*

I dtaobh an chinnidh atá beartaithe Iarscríbhinn C nua a ghabhann le ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh, ní mheastar go bhfuil an cinneadh sin go hiomlán i gcomhréir le dlí agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais. Mar shampla ginearálta, is cúis mhearbhaill í úsáid an téarma 'deimhniú' mar go n-úsáidtear é chun críoch éagsúil i gcreataí an Aontais agus COTIF.

I bhfianaise fairsinge na leasuithe ar an gcinneadh atá beartaithe a mbeadh gá leo chun ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais a áirithiú, ba cheart don Aontas Eorpach vótáil in aghaidh ghlacadh Iarscríbhinn C a ghabhann le RA ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe, faoi mar a mhol Rúnaíocht OTIF sa doiciméad TECH-26005-CTE18-5.3, agus ba cheart dó a iarraidh go ndéanfaidh WG TECH OTIF athbhreithniú ar an Iarscríbhinn chun a hailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais a áirithiú.

3.2.5. *Modhnú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach maidir le Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais (UTP TAF)*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar na modhnuithe ar UTP TAF faoi mar a mhol Rúnaíocht OTIF i ndoiciméad TECH-26006-CTE18-5.4.

3.2.6. *An lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta.*

Ba cheart don Aontas Eorpach vótáil i bhfabhar na modhnuithe ar an lámhleabhar faoi mar a mhol Rúnaíocht OTIF i ndoiciméad TECH-26009-CTE18-6.3, faoi réir na leasuithe a liostaítear thíos. I gcás nach dtugtar isteach na leasuithe sin, ba cheart don Aontas Eorpach vótáil in aghaidh an lámhleabhar a thabhairt cothrom le dáta mar atá beartaithe

(a) Ba cheart crostagairtí idir codanna éagsúla an Lámhleabhair a athbhreithniú (e.g. déanann pointí 106, 137 agus 200 tagairt d'uimhriú ranna nach mbaintear úsáid iarbhír as sa Lámhleabhar);

(b) I bpointí 112 agus 202, ba cheart na habairtí deiridh a chríochnú mar a leanas: '*, má cheadaítear sin leis na rialacha is infheidhme a bhaineann leis an margadh arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, de réir mar is iomchuí.*';

(c) I bpointe 201, sa tríú abairt, *ba cheart 'Feithiclí sa trácht idirnáisiúnta faoi raon feidhme RA ATMF' a chur in ionad 'Feithiclí*'.

Ina theannta sin, ba cheart a fhiosrú ar cheart '*Ballstát*' a chur in ionad '*Stát Conarthach*' ó thús deireadh an doiciméid, chun é a ailíniú leis an téarmaíocht athbhreithnithe atá beartaithe do Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. *Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[9].

[9] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.1.2. *Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste Saineolaithe Teicniúla a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin COTIF, go háirithe faoi Airteagal 13(1)(f) de.

Na gníomhartha a liostaítear thuas agus a iarrtar ar an gCoiste Saineolaithe Teicniúla a ghlacadh le linn an 18ú seisiún dá chuid, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Ós rud é gur páirtí conarthach iomlán in COTIF é an tAontas, beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) APTU, Airteagal 21(1) ATMF agus míreanna 3 agus 4 d’Airteagal 35 COTIF.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. **Bunús dlí substainteach**

4.2.1. *Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. *Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is le hiompar ar iarnród idirnáisiúnta a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. *Conclúid*

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 91 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2026/0089 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 18ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir leis an athbhreithniú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, leis an athbhreithniú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais (UTP WAG) agus an fochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' (UTP LOC&PAS), le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh, leis an athbhreithniú ar an tSaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach is infheidhme maidir leis an bhfochóras Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais (UTP TAF), agus leis an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), i gcomhréir le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle[10] agus leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún COTIF[11].

(2) De bhun Airteagal 13(1)(f) de COTIF, cuireadh Coiste Saineolaithe Teicniúla OTIF ar bun.

(3) De bhun Airteagal 16 (10) de COTIF, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil ar a rialacha nós imeachta a ghlacadh agus a leasú.

(4) De bhun Airteagal 20(1)(b) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus Glacadh na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme d'Ábhar Iarnróid atá beartaithe a úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta (APTU) – Foscríbhinn F a ghabhann le COTIF, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil ar Shaintreoracha Teicniúla

[10] Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/103(1)/oj).

[11] IO L 51, 23.2.2013, lch. 8.

Aonfhoirmeacha a ghlacadh nó a leasú, *inter alia*, na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais' (UTP WAG), maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' (UTP LOC&PAS), agus maidir leis an bhfochóras Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais (UTP TAF).

(5) De bhun Airteagal 20(1)(e) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta (RA ATMF) – Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil ar Iarscríbhinní a ghabhann leis an bhFoscríbhinn sin a ghlacadh, lena n-áirítear maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe.

(6) De bhun Airteagal 20(1)(e) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de RA ATMF, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil, *inter alia*, ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF a ghlacadh nó a leasú.

(7) Tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla, le linn a 18ú seisiún ar an 9 Meitheamh 2026, le cinntí a ghlacadh chun a Rialacha Nós Imeachta, UTP WAG agus UTP LOC&PAS a athbhreithniú, le hIarscríbhinn C a ghabhann le ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh, le Foscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF a mhodhnú, agus leis an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta.

(8) Is iomchuí na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Saineolaithe Teicniúla a leagan síos mar beidh na cinntí atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas de bhun Airteagal 6(1) APTU, Airteagal 21(1) ATMF agus míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 35 COTIF.

(9) Is iad cuspóirí na gcinntí sin Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla a mhodhnú, chun iad a ailíniú le rialacha nós imeachta orgáin eile OTIF, chun UTP WAG agus UTP LOC&PAS a ailíniú le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2064[12] agus (AE) 2025/675[13] faoi seach, chun Iarscríbhinn C nua a ghabhann le ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh, agus a comhoiriúnacht le cláir feithicle agus cineáil feithicle arna mbunú faoi rialacha OTIF agus an Aontais á áirithiú, is é sin, na rialacha a leagtar síos sna leasuithe is déanaí ar Chinneadh Chur Chun Feidhme 2011/665/AE[14] agus Cinneadh Chur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún[15], chun na tagairtí do dhoiciméid theicniúla ERA a

---

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2064 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rothstoc — vaigíní lastais an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (STI VAI) (IO L, 2025/2064, 15.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2064/oj).

[13] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/675 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún maidir le sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rothstoc — innill ghluaiste agus rothstoc paisinéirí chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún maidir le clár na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (IO L, 2025/675, 7.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/675/oj).

[14] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2011 maidir le clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (IO L 264, 8.10.2011, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2011/665/oj).

[15] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh na gclár feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó

liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF a ailíniú, agus chun an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta, agus an t-aiseolas ó thaithí Stáit Chonarthacha COTIF, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais, á chur san áireamh.

(10) Tá na modhnuithe atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla bunaithe ar mholtaí Choiste *ad hoc* OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta, agus áirítear leo tuilleadh ailínithe agus comhsheasmhachta idir cleachtais an orgáin sin agus orgáin eile OTIF. Mar sin féin, leis na rialacha maidir le doiciméid oibre a chur ar fáil roimh chruinnithe an Choiste Saineolaithe Teicniúla, bunaítear tréimhsí an-ghearr go fóill, a bhféadfadh nach leor iad chun na nósanna imeachta inmheánacha is gá chun cinneadh a ghlacadh ar leibhéal an Aontais a cheadú. Dá bhrí sin, cé gur cheart tacú leis na leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta, ba cheart don Aontas Eorpach síneadh a mholadh freisin ar an sprioc-am maidir le doiciméid oibre a chur ar fáil roimh chruinnithe an Choiste Saineolaithe Teicniúla, chun go mbeifear in ann seasaimh an Aontais a ullmhú agus a ghlacadh go tráthúil.

(11) Tá na cinntí atá beartaithe chun UTP WAG agus UTP LOC&PAS a athbhreithniú agus chun Iarscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF a mhodhnú i gcomhréir le dlí agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais go ginearálta, agus rannchuidíonn siad le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais. Mar sin féin, ba cheart cuid de na hathruithe a mhol Rúnaíocht OTIF a ailíniú le dlí ábhartha an Aontais. Dá bhrí sin, is gá leasuithe a mholadh ar na cinntí atá beartaithe ó OTIF, chun ailíniú le *acquis* an Aontais ábhartha a a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na cinntí atá beartaithe faoi réir an choinníll go dtabharfar isteach na leasuithe sin.

(12) I dtaobh an chinnidh atá beartaithe Iarscríbhinn C nua a ghabhann le ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh, níl an cinneadh sin go hiomlán i gcomhréir le dlí agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais. Mar shampla ginearálta, is cúis mhearbhaill í úsáid an téarma 'deimhniú' mar go n-úsáidtear é chun críoch éagsúil i gcreataí an Aontais agus COTIF. I bhfianaise fairsinge na leasuithe ar an gcinneadh atá beartaithe a mbeadh gá leo chun ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais a áirithiú, ba cheart don Aontas cur i gcoinne an chinnidh atá beartaithe a ghlacadh, agus tuilleadh obair a iarraidh ar bhuanmheitheal an Choiste Saineolaithe Teicniúla (WG TECH) ar an ábhar, chun *ailíniú* le acquis ábhartha an Aontais a áirithiú.

(13) Tá an cinneadh atá beartaithe an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir go ginearálta le dlí agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais, agus rannchuidíonn sé le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais. Mar sin féin, ba cheart roinnt modhnuithe ar an lámhleabhar sin a thabhairt isteach, go háirithe chun a shoiléiriú go bhfuil glacadh frithpháirteach na Stáit Chonarthacha uile le comhlachtaí um measúnú chun críoch RA ATMF teoranta go docht d'fheithiclí atá beartaithe lena n-úsáid sa trácht idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá leasuithe ar an gcinneadh atá beartaithe a mholadh, chun ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais a áirithiú agus chun a áirithiú go gcuirtear na rialacha is infheidhme a bhaineann leis an margadh arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais Eorpaigh san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis an gcinneadh atá beartaithe, faoi réir an choinníll go dtabharfar isteach na leasuithe sin.

---

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 268, 26.10.2018, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1614/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 18ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla an Choinbhinsiúin maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980 maidir le modhnú a Rialacha Nós Imeachta, maidir leis an athbhreithniú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – vaigíní lastais (UTP WAG) agus ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' (UTP LOC&PAS), maidir le glacadh Iarscríbhinn C a ghabhann leis na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta (RA ATMF) maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe, maidir le modhnú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lastais' (UTP TAF), agus maidir leis an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta:

(1) vótáil i bhfabhar na modhnuithe beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, mar a fuarthas i ndoiciméad TECH-26018-CTE18-4. Gan dochar don seasamh sin, an leasú seo a leanas a mholadh freisin:

 (a) In Airteagal 9(3), cuir '12 sheachtain' in ionad '8 seachtaine'.

(2) vótáil i bhfabhar an athbhreithnithe atá beartaithe ar UTP WAG, mar a fuarthas in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le doiciméad TECH-26003-CTE18-5.1, faoi réir na leasuithe seo a leanas:

 (a) i bpointe 4.2.6.1.2.1, scrios an dá mhír thosaigh.

 (b) i bpointe 5.3.6, cuir an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

 'Déanfar gairis chun leathleantóirí a dhaingniú a dhearadh agus déanfar measúnú orthu le haghaidh gach ceann de na coinníollacha úsáide seo a leanas:

 — leathleantóirí comhoiriúnacha dá bhfuil an gaireas ceaptha;

 — comhéadan aonaid comhoiriúnach ar féidir an gaireas a fheistiú go sábháilte air'.

(3) vótáil i bhfabhar an athbhreithnithe atá beartaithe ar UTP LOC&PAS, mar a fuarthas in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le doiciméad TECH-26004-CTE18-5.2, faoi réir an leasaithe seo a leanas:

 (a) i bpointe 7.1.1.6.1, cuir 'Feisteofar an t-aonad le gairis fhéintarrthála do gach duine ar bord, gairis a chomhlíonann sonraíochtaí EN 13794:2002 agus ceachtar de EN 402:2003 nó EN 403:2004' in ionad phointe (12).

(4) vótáil in aghaidh ghlacadh beartaithe Iarscríbhinn C a ghabhann le ATMF maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe, mar a fuarthas i ndoiciméad TECH-26005-CTE18-5.3, agus tuilleadh oibre a iarraidh ar bhuanmheitheal an Choiste Saineolaithe Teicniúla (WG TECH) ar an ábhar, chun ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais a áirithiú.

(5) vótáil i bhfabhar an mhodhnaithe atá beartaithe ar Fhoscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF mar a fuarthas i ndoiciméad TECH-26006-CTE18-5.4.

(6) vótáil i bhfabhar an lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF a thabhairt cothrom le dáta mar atá beartaithe, mar atá i ndoiciméad TECH-26009-CTE18-6.3, faoi réir na leasuithe seo a leanas:

(a) Ó thús deireadh an téacs, déan na crostagairtí idir codanna éagsúla an Lámhleabhair a athbhreithniú, agus iad a ailíniú leis an gclár ábhar is déanaí.

(b) I bpointí 112 agus 202, críochnaigh an abairt dheireanach le ‘, má cheadaítear sin leis na rialacha is infheidhme a bhaineann leis an margadh arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, de réir mar is iomchuí.’;

(c) I bpointe 201, sa tríú abairt, cuir ‘Feithiclí sa trácht idirnáisiúnta faoi raon feidhme RA ATMF’ in ionad ‘Feithiclí’.

Maidir le mionathruithe ar na seasaimh arna léiriú san Airteagal seo, féadfaidh na hionadaithe ón Aontas iad a chomhaontú ag cruinniú an Choiste Saineolaithe Teicniúla gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*